

DO CHEARTA LEASA SHÓISIALAIGH IN ÉIRINN

TREOIRLEABHAR
DO CHATHRÓIRÍ
AN AE

ón
Roinn Gnóthaí Sóisialacha
agus Teaghlaigh



Réamhrá

Sa treoirleabhar seo, tá eolas maidir le hÍocaíochtaí leasa shóisialaigh a bhfuil fáil orthu in Éirinn agus conas mar a aicmítear iad maidir le treoracha an AE. Tugtar eolas fosta faoi theidlíochtaí i gcóras sláinte na hÉireann.

Dréachtar le chéile cearta na n-oibrithe ar imirce laistigh den AE i dTreoracha na hEorpa faoi leas sóisialach (Rialacha 1408/71 agus 574/72). Dá bhrí sin, tá cosaint orthu ar na contúirtí a luaitear sna Treoracha .i. breoiteacht, dífhostaíocht, seanaois, agus go gcoinnítear na cearta sóisialta in aon tír tar éis athrú go tír eile. Ciallaíonn sé go gcaithfear iad a chóireáil ar an dul céanna le saoránaigh eile agus na Treoracha á gcomhlíonadh.

Tá réimse iomlán de leabhráin eolais agus faisnéise ag www.welfare.ie, ar an ngréasán. Tá mioneolas sna leabhráin úd maidir le cáiliú do na hÍocaíochtaí sóisialacha éagsúla agus do na sochair.

Tá fáil ar fhoilseacháin uilig na Roinne -saor in aisce- ón Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó ó:

Seirbhísí Eolais

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
Oifig Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Bóthar an Choláiste
Sligeach

Ríomhphost: Info@welfare.ie

Líne Íosghlao na mBileog Eolais: 1890 20 23 25

Is féidir eolas úsáideach a aimsiú faoi chúram sláinte in Éirinn ag www.citizensinformation.ie nó www.hse.ie

Is mar theoir amháin atá an leabhar seo, agus ní fhéachtar le léirmhíniú dlíthiúil a sholáthar ann.

Ábhair

Caibidil 1

Cur síos ar chóras leasa shóisialaigh na hÉireann 7

| | |
|--|----|
| Cé air a bhfuil árachas? | 9 |
| Clárú in Éirinn do na Seirbhísí Poiblí – Leas Sóisialach san áireamh | 9 |
| Ranníocaíochtaí na bhFostaithe-ÁSPC | 10 |
| Íocaíochtaí ÁSPC – Daoine Féinfhostaithe | 11 |
| Ranníocaíochtaí creidmheasa (Creidmheas ÁSPC) | 12 |
| Árachas Deonach | 12 |
| Coinníollacha le Ranníocaíochtaí ÁSPC | 12 |
| Bliain an tSochair | 13 |
| Bliain Chánach nó Ranníocaíochta Chuí | 13 |
| Gnáthchónaí | 13 |

Caibidil 2

Cur síos ar Chóras Sláinte na hÉireann 15

| | |
|--|----|
| Catagóir 1 – sealbhóirí cárta leighis | 16 |
| Catagóir 2 – neamhshealbhóirí cárta leighis | 17 |
| Scéim Íochta Drugaí | 17 |
| Cártaí Cuairteanna Dochtúra | 17 |
| Scéim Tinnis Fhadtéarmaigh | 17 |
| Cúram fiacla, súl agus cluas | 17 |
| Seirbhísí ar fáil do chách, saor in aisce | 18 |
| Scéim Mháithreachais agus Cúram Leanaí | 18 |
| Seirbhísí Eile | 18 |
| Teidlíocht i leith cóir leighis de réir catagóra | 18 |



Caibidil 3

Gnáthphrionsabail Rialacháin an AE agus Comhaontuithe Leasa Shóisialaigh eile 19

| | |
|--|----|
| Rialacháin an AE | 20 |
| Cé a chlúdaítear sna Rialacháin? | 20 |
| Céard iad na tíortha inar féidir brath ar na rialacha seo? | 21 |
| Céard iad na hábhair atá i gceist? | 21 |
| Rialacha maidir le feidhmiú dhlíthe na tíre cuí | 22 |
| Catagóirí speisialta oibrithe | 22 |
| Saoránaigh an tríú tír | 25 |
| Comhaontú an AE leis an Eilvéis | 25 |
| Comhaontuithe Leasa Shóisialaigh le Tíortha eile | 26 |

Caibidil 4

Sochair Tinnis agus Mháithreachais 27

| | |
|---|----|
| Sochair airgid | 28 |
| Sochair chomhchineáil | 28 |
| Íocaíochtaí airgid as tinneas in Éirinn | 28 |

Íocaíochtaí ar bhonn Árachais Shóisialta 29

| | |
|------------------------------------|----|
| Sochar Máithreachais | 29 |
| Sochar Sláinte agus Sábháilteachta | 29 |
| Sochar Uchtaíoch | 30 |
| Sochar Breoiteachta | 30 |
| Sochar Cúramóra | 31 |
| Sochar Cóireála | 32 |

Íocaíochtaí nach bhfuil ar bhonn Árachais Shóisialta 34

| | |
|---|----|
| Liúntas Cothabhála um Ghalair Thógálacha | 34 |
| Liúntas Leasa na nDall | 34 |
| Bónas Oiliúint Athshlánaithe | 34 |
| Cén tír a íocann sochair airgid? | 34 |
| Seirbhísí sláinte dóibh siúd atá ina gcónaí in Éirinn ach atá faoi árachas i mBallstát eile | 36 |
| Oibrithe thar theorainn - rialacha speisialta | 36 |



Caibidil 5

Timpestí oibre agus galair cheirde 37

| | |
|--|----|
| Sochair chomhchineáil | 38 |
| Sochair airgid | 38 |
| Sochar Díobhála | 38 |
| Sochar Míthreorach agus Forlónadh Éagumais | 39 |
| Cúram Leighis | 39 |
| Sochar Báis | 39 |
| Cén tír a íocfaidh an Sochar? | 40 |

Caibidil 6

Pinsean Easláine 41

| | |
|-----------------------------------|----|
| Cén tír a íocfaidh an Sochar? | 42 |
| Conas mar a áirítear an íocaíocht | 46 |

Caibidil 7

Sochair Dífhostaíochta 47

| | |
|--|----|
| Dífhostaithe in Éirinn i ndiaidh oibre san AE/LEE | 48 |
| Ar lorg oibre i mBallstát eile | 49 |
| A bhfuil le déanamh roimh imeacht | 49 |
| Ar theacht sa tír ina lorgáitear obair | 50 |
| Filleadh abhaile | 51 |
| Sochar Dífhostaíochta do lucht oibre thar teorainn | 52 |

Caibidil 8

Sochair Teaghlaigh 53

| | |
|--|----|
| Sochar Linbh | 54 |
| Forlónadh Luathchúram Leanaí | 54 |
| Forlónadh Ioncaim Teaghlaigh | 54 |
| Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora | 56 |
| Íocaíocht Caomhnóra (Neamh-ranníocach) | 56 |
| Liúntas Cúram Baile | 56 |
| Cén tír a íocfaidh an sochar? | 57 |
| Roinnt Samplaí Praiticiúla | 57 |



Caibidil 9

Pinsin Seanaoise

59

| | |
|--|----|
| Pinsean Stáit (Eatramhach) | 60 |
| Pinsean Stáit (Ranníocach) | 61 |
| Rátaí laghdaithe pinsean – | |
| Leathphínsean speisialta as íocaíochtaí roimh 1953 | 62 |
| Cén tír a íocfaidh an sochar? | 63 |

Caibidil 10

Sochair Marthanóirí agus Deontais Báis

65

| | |
|---|----|
| Pinsean Ranníocach Baintrí/Baintreach Fir | 66 |
| Cén tír a íocfaidh an sochar? | 67 |
| Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach) | 68 |
| Cén tír a íocfaidh an sochar? | 68 |
| Deontas Méala | 69 |
| Cén tír a íocfaidh an sochar? | 70 |

Caibidil 11

Íocaíochtaí Neamh-ranníocacha

71

Caibidil 12

Forálacha eile

73

| | |
|---|----|
| Íocaíochtaí do chleithiúnaithe | 74 |
| Cé atá mar dhuine fásta cáilithe? | 74 |
| Cé atá mar leanbh cáilithe? | 75 |
| Sochair agus pinsin á n-íoc tar éis bháis | 76 |
| Íocaíochtaí Cuí | 77 |
| Saorthaisteal | 77 |
| Pacáiste Sochair Teaghlaigh | 77 |
| Liúntais Eile | 78 |
| Breitheanna ar iarratais agus achomhairc | 78 |
| Eolas agus Tacaíocht sa Bhreis | 79 |



Aguisíní

83

| | |
|--|----|
| Aguisín 1: Príomh-oifigí na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh | 84 |
| Aguisín 2: Tuilleadh Oifigí Leasa Shóisialaigh | 88 |
| Aguisín 3: Oifigí riaracháin na seirbhísí sláinte | 96 |

Gluais

99





CAIBIDIL 1

Cur síos ar chóras
leasa shóisialaigh na
hÉireann



I dtrí chuid a bhíonn íocaíochtaí leasa shóisialaigh in Éirinn:

- íocaíochtaí árachais shóisialta (a dtugtar íocaíochtaí ranníocacha orthu chomh maith), a bhíonn bunaithe ar uimhir na ranníocaíochtaí ÁSPC (árachas sóisialta pá-choibhneasta) atá déanta agat le linn tréimhse ar leith;
- íocaíochtaí cúnaimh shóisialaigh (a dtugtar íocaíochtaí neamhranníocacha orthu chomh maith), atá ann dóibh siúd nach gcáilíonn d'árachas sóisialta agus atá bunaithe ar phas a fháil i dtástáil acmhainne; agus
- íocaíochtaí eile .i. Liúntais Linbh a íoctar is cuma cén mhaoin nó ranníocaíochtaí ÁSPC a rinneadh.

Caithfidh iarratasóirí coiníollacha an liúntais a chomhlíonadh. Tá tuilleadh coiníollacha maidir le liúntais eile, seachas go leor ranníocaíochtaí ÁSPC agus tástáil acmhainne. Mar shampla, má chuireann tú isteach ar íocaíocht dífhostaíochta, caithfidh tú a bheith ar fáil don obair agus ar a lorg.

Nóta: I gcodarsnacht le Stáit áirithe eile sa AE, níl aon scéim leasa shóisialaigh speisialta ann i ndlí na hÉireann, do ranna áirithe oibrithe, amhail feirmeoirí, státseirbhísigh nó gairmeacha eile.

Liosta na Liúntas **Leasa Shóisialaigh** (Ranníocacha) ar fáil do dhaoine le hárachas agus dá gcleithiúnaithe.

- Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta;
- Sochar Breoiteachta;
- Sochar Díobhála Ceirde;
- Sochar Máithreachais;
- Sochar Uchtaíoch;
- Sochar Sláinte agus Sábháilteachta;
- Pinsean Easláine;
- Pinsean Stáit (Eatramhach);
- Pinsean Stáit (Ranníocach);
- Pinsean Ranníocach Baintrí/Baintreach Fir;
- Sochair Cóireála;
- Deontas Méala;
- Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocaíoch);
- Sochar Caomhnóra.



Dóibh siúd nach bhfuil i dteideal íocaíocht ar bith a fháil ón liosta, d'fhéadfadh íocaíocht eile neamh-ranníocach a bheith le fáil acu ón liosta **íocaíochtaí leasa shóisialaigh** anseo. Íoctar iad ar bhonn tástáil acmhainne.

- Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta;
- Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora;
- Liúntas Míchumais (LM);
- Liúntas Cúramóra;
- Pinsean Stáit (Neamh-ranníocach);
- Pinsean Neamh-ranníocach Baintrí nó Baintreach Fir;
- Íocaíocht Caomhnóra (Neamh-ranníocach);
- Pinsean na nDall;
- Cúnamh Feirmeoireachta;
- Liúntas Leasa Forlíontach.

Tá na liúntais airgid thirim seo a leanas á gcur ar fáil ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Féach ar Aghuisín 3 do shonraí na n-oifigí atá ag riaradh seirbhísí sláinte):

- Liúntas Cothabhála um Ghalair Thógálacha;
- Liúntas Leasa na nDall;
- Bónas Oilíúint Athshláinaithe;
- Liúntas Cúram Baile.

Cé air a bhfuil árachas?

Go hiondúil, na fostaithe agus na daoine féinfhostaithe uilig os cionn 16 bliain d'aois agus faoi aois an phinsin (66 bl.), tá árachas orthu. Fostaithe ar níos lú ná €38.00 sa seachtain (as gach shaghas oibre) nó os cionn 66 bl, níl árachas orthu ach i gcás díobhálacha oibre.

Clárú in Éirinn do na Seirbhísí Poiblí – Leas Sóisialach san áireamh

I dtús na hoibre in Éirinn, ba chóir dul láithreach chuig an Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil agus Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (uimh. PSP) a fháil. Uimhir thagartha í seo maidir le gach gnó leis an tseirbhís poiblí, leas sóisialach, cáin agus seirbhísí leighis ina measc. Agus uimhir PSP faighte, déantar teagmháil le hoifig áitiúil na cánach, chun cúinsí cánach a eagrú.

Luaigh an Uimhir PSP i gcónaí le hiarratais ar íocaíochtaí nó i litreacha chuig an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Má dhéantar seo, tiocfar láithreach ar na cuntais chúí agus ní chuirfear moill ar pé íocaíocht leasa shóisialaigh atá i gceist.



Is gá a bheith cláraithe agus an uimhir PSP ar eolas ag an bhfostóir. Mura bhfuil, d'fhéadfaí botún a dhéanamh i gclárú na n-íocaíochtaí ÁSPC.

Ranníocaíochtaí na bhFostaithe-ÁSPC

Is ar bhonn céatadáin as tuarastal comhlán an fhostaí in aghaidh na seachtaine, a bhailítear ranníocaíochtaí ÁSPC. Go hiondúil, íocann fostaithe agus fostóirí a gcion féin. Fad is a bhíonn tuarastal an fhostaí faoi bhun méid áirithe, ní bhailítear ranníocaíocht sa tseachtain sin.

De réir an dlí, is iad na fostóirí atá freagrach as ÁSPC a íoc. Ach baintear cuid an fhostaí as an tuarastal gach seachtain, agus é/í á (h)íoc.

Tá aicmí ranníocaíochta éagsúla ann, agus iad ag brath ar chineál na gairme atá i gceist.

Mar shampla, bíonn ranníocaíochtaí Aicme A, lena ndéantar clúdach ar gach cineál sochair, á n-íoc ag daoine a bhíonn ag obair i bhfostaíocht thionsclaíoch, tráchtála nó i seirbhísí.



Dhá chuid atá in íocaíocht ÁSPC a íocann fostaithe go hiondúil: Árachas sóisialta agus íocaíocht sláinte. Ní gá don fhostaí cuid na sláinte a íoc má tá:

- cárta leighis aige/aici; nó
- sé/sí ag fáil íocaíocht Marthanóra (Éireannach), nó íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora nó má tá Sochar/Pinsean Marthanóra ó Bhallstát eile á íoc leis/léi.

Íocaíochtaí ÁSPC - Daoine Féinfhostaithe

Céatadán as ioncam measta na bliana is ea an ranníocaíocht ó dhaoine féinfhostaithe. Ní áirítear ioncam áirithe, áfach, (m.sh liúntais chaipitil agus íocaíochtaí leasa shóisialaigh) le méid na híocaíochta ÁSPC a mheas. Ní íocann daoine féinfhostaithe le hioncam íseal, ach ráta comhréidh – méid áirithe seasta, in ionad an chéatadáin.

Tromlach na ndaoine féinfhostaithe, is leis na Coimisinéirí Cánach a íocann siad ÁSPC. Ach ioncam an duine fhéinfhostaithe a bheith chomh híseal nach gá tuairisceán cánach a ullmhú, íoctar ÁSPC leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh.



Rannaíochtaí creidmheasa (Creidmheas ÁSPC)

Le híocaíocht ranníochach a fháil, is gá an obair agus na rannaíochtaí roimh ré. I gcúinsí áirithe, bronnfaidh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh rannaíochtaí ÁSPC ar creidmheas. D'fhéadfadh an creidmheas sin cur le híocaíocht agus le pinsean amach anseo. Bronntar na rannaíochtaí creidmheasa mar seo, de ghnáth:

- má tá íocaíocht leasa shóisialaigh á fáil as dífhostaíocht, tinneas nó éirí as obair;
- má tá tú ag freastal ar chúrsa oiliúna le FÁS (an ghníomhaireacht náisiúnta oiliúna);
- más é seo an chéad phost (sa chás sin, dáiltear creidmheas faoi leith roimh ré); agus
- d'fhéadfaí creidmheas a bhronnadh ar mhac léinn as tréimhsí oideachais lánaimseartha.

Má tharlaíonn sé sa saol oibre nach bhfuil rannaíochtaí ar bith ag duine, ná creidmheas ÁSPC ach an oiread le 2 bhliain chánach iomlán anuas, caithfear a bheith ag obair agus rannaíochtaí ÁSPC a íoc as 26 seachtain ar a laghad, sula mbronnfar aon chreidmheas.

Árachas Deonach

Mura bhfuil clúdach ÁSPC riachtanach ar dhuine in Éirinn a thuilleadh agus gan árachas deonach i scéim árachais dheonaigh nó riachtanaigh i dtír eile san AE agus an duine sin faoi aois 66, d'fhéadfaí rannaíochtaí deonacha a dhéanamh, a chabhródh le pinsin agus eile a bheith iníoctha. Is féidir seo a dhéanamh ach:

- a bheith ag obair cheana agus 260 rannaíochtaí ÁSPC íoctha; agus
- iarratas a chur isteach laistigh de thréimhse áirithe tar éis dheireadh an árachais.

Coinníollacha le Rannaíochtaí ÁSPC

Ní gá rannaíochtaí ÁSPC a íoc le seirbhísí leighis nó Liúntas Linbh a fháil.

Go hiondúil, chun íocaíochtaí gearrthéarmacha a fháil (m.sh Sochar Breoiteachta, Sochar Máithreachais, nó Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta) is gá:

- ar a laghad 52 rannaíochtaí ÁSPC íoctha ó tháinig tú faoi árachas, agus
- ar a laghad 39 rannaíochtaí ÁSPC íoctha nó creidiúnaithe, sa bhliain chánach nó rannaíochta chuí.



I gcomhair na sochar **fad téarmach**, don chuid is mó, (m.sh Pinsean Ranníocach Baintrí/Baintreach Fir, Pinsean Stáit (Eatramhach), nó Pinsean Stáit (Ranníocach), tá gá le 156 íocaíocht ÁSPC, agus meán-uimhir faoi leith íoctha nó ar creidmheas in aghaidh gach bliana. I gcomhair Pinsean Easláine agus Pinsean Seanaoise measctha ar árachas pro-rata, is gá 260 íocaíocht, maraon leis an meán bliantúil ar a laghad.

Bliain an tsochair

Seo bliain na féilire ina gcuirtear iarratas isteach ar íocaíocht. Ó Eanáir go Nollaig, ón gcéad Luan i mí Eanáir.

Bliain Chánach nó Ranníocaíochta Chuí

Seo an dara bliain deiridh iomlán roimh bhliain an tsochair. Tá samplaí anseo.

Iarratas sa bhliain:

2007

2008

Is í an bhliain chánach bhainteach ná:

2005

2006

Gnáthchónaí

Má tá tú ag iarraidh cáiliú d'íocaíochtaí neamhranníocacha áirithe (Féach ar Chaibidil 11) agus do Shochar Linbh, is gá duit coinníoll gnáthchónaí a shásamh. Is ionann “Gnáthchónaí” agus nasc cruthaithe le hÉirinn nó le tíortha eile sa Chomhlimistéar Taistil.¹

Le cinntiú go bhfuil gnáthchónaí ort anseo, fiosróidh an Roinn:

- Cén fhad a bhfuil an cónaí in Éirinn?
- An bhfuil an cónaí leanúnach?
- Cén fáth a bhfuil tú i do chónaí anseo?
- Pleananna don todhchaí agus an bhfuil muintir agat anseo, agus cibé cúinsí cú eile.

Meastar gach cás ar a bhonn féin.

1 Is ionann an Comhlimistéar Taistil agus Éire, An Bhreatain Mhór, Tuaisceart Éireann, Oileáin Mhuir nlochta agus Oileáin Mhanann.

Ní gá íocaíochtaí ÁSPC a íoc d'fhonn na seirbhísí sláinte nó Liúntas Linbh in Éirinn a úsáid.





CAIBIDIL 2

Cur síos ar Chóras Sláinte na
hÉireann

Cur síos ar Chóras Sláinte na hÉireann

Ar an gcéad dul síos tá seirbhísí sláinte in Éirinn le fáil ar bhonn cónaithe agus maoinne. Is cuma faoi shaorántacht an duine má ghlacann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte leis go bhfuil gnáthchónaí in Éirinn, tá intofacht iomlán (Catagóir 1) nó intofacht theoranta (Catagóir 2) i gceist i leith seirbhísí sláinte.

Glacann FSS leis go bhfuil “gnáthchónaí” in Éirinn, má tá FSS sásta go bhfuil sé ar intinn ag duine fanacht in Éirinn ar feadh bliana ar a laghad.

Catagóir 1 – sealbhóirí cárta leighis

Eisítear cártaí leighis do dhaoine i gCatagóir 1, chun a dteidlíocht i leith seirbhísí sláinte a dheimhniú. Tá na daoine sa chatagóir seo i dteideal réimse mór seirbhísí a fháil, saor in aisce, lena n-áirítear:

- seirbhísí dochtúra ghinearálta;
- drugaí ar oideas, leigheas, treallamh leighis nó máinliachta;
- gach seirbhís d'othair chónaitheacha i mbardaí poiblí in ospidéal phoiblí, le seirbhísí na gcomhairleach san áireamh;
- gach cóir leighis d'othair sheachtracha na n-ospidéal poiblí, máinliacht san áireamh;
- freastal saor in aisce ar rannóg timpiste agus éigeandála;
- cúram agus treallamh na bhfiacra, na súl agus na gcluas;
- cúram máithreachais agus linbh;
- deontas na máthar i leith gach linbh nua-bheirthe.

Tá gach duine atá os cionn 70 bliain d'aois i dteideal cárta leighis a fháil go huathoibríoch. Taobh amuigh de na cásanna sin, bíonn do theidlíocht i leith cárta leighis á meas de réir d'ioncaim go príomha agus cáileoidh tú dó má shásaíonn tú treoirlínte ioncaim áirithe. FSS a shocraíonn an cheist seo, agus tá an rogha acu i gcásanna géarghá, carta a bhronnadh fiú má sháraithear na teoracha ioncaim, i gcás go mbeadh cruatan iomarcach ann.

Don té ag a bhfuil an cárta leighis, tá sochair áirithe eile le fáil fosta. Díolúine íocaíochtaí leighis, díolúine fiacha scrúdaithe i scoil dara leibhéal, cabhair airgid le leabhair scoile agus saorthaisteal ar scoil do dhaltaí ina gcónaí níos mó ná 3 mhíle ón scoil is cóngaraí.



Catagóir 2 – neamhshealbhóirí cárta leighis

Gach duine i ngnáthchónaí anseo agus atá i dteideal seirbhís sláinte a fháil agus nach bhfuil i gCatagóir 1, baineann siad le Catagóir 2. Daoine i gCatagóir 2 (neamhshealbhóirí cárta leighis), tá ceart acu iad seo a fháil:

- ach íoc as cuid acu, seirbhís ospidéil na n-othar cónaitheach i mbardaí poiblí, máinliacht san áireamh;
- seirbhísí speisialtóirí i gclíní na n-othar seachtrach (seachas cóir leighis na bhfiacra, na súl agus na gcluas);
- cúram máithreachais agus linbh;
- cabhair airgid le drugaí ar oideas agus leigheasra (féach an Scéim Íoctha Drugaí agus an Scéim Tinnis Fhadthearmaigh thíos);
- i gcásanna áirithe, Cárta Cuirteanna Dochtúra (thíos);
- ach costas a íoc, freastal ar chlinicí timpiste agus éigeandála (saor in aisce don othar le litir thagartha dochtúra).

Scéim Íoctha Drugaí

Sa Scéim seo, níl ach uasmhéid €85 in aon mhí le hÍoc ag duine nó teaghlach, as leigheas ceadaithe ar oideas agus as treallamh áirithe atá in úsáid ag an duine nó ag an teaghlach i rith na míosa.

Cártaí Cuirteanna Dochtúra

Féadann daoine i gCatagóir 2 a bheith i dteideal cárta cuirteanna dochtúra a fháil, ionas go mbeidh cuirteanna ar dhochtúir teaghlaigh, saor in aisce.

Tá treoracha áirithe maoinne ann chun cárta cuirteanna dochtúra a fháil. Más easláine fhadtarmach atá ann agus gur gá cóir leighis leanúnach agus neamhghnách nó cuirteanna rialta ar dhochtúir, féadann FSS cárta a bhronnadh ort, fiú má tá ioncam agat atá níos airde ná na treoirlínte.

Scéim Tinnis Fhadthearmaigh

Féadtar drugaí agus cóir leighis saor in aisce a thabhairt do dhaoine atá ag fulaingt le tinnis fhadtarmacha áirithe, saor in aisce.

Cúram fiacra, súl agus cluas

Níl seirbhísí déadacha ná gnáthchúram na súl ná na gcluas san áireamh don othar seachtrach, ach tá an cóir leighis seo ar fáil do leanaí a cuireadh ar aghaidh ó chlinic sláinte leanaí nó ó scrúdú leighis ar scoil.



Seirbhísí ar fáil do chách, saor in aisce

Scéim Mháithreachais agus Cúram Leanáí

Cuirtear clár comhaontaithe ar fáil don uile mháthair thorrach ina cónaí in Éirinn faoin scéim mháithreachais agus cúram leanáí. Pé dochtúir teaghlaigh is rogha a chuireann an tseirbhís ar fáil, maraon le cnáimhseoir san ospidéal. Freastalaíonn an dochtúir ar an máthair chun cúram a thabhairt don leanbh nua-bheirthe. Sin dhá chuairt scrúdaithe forbartha i rith na sé seachtaine i ndiaidh na breithe.

Seirbhísí Eile

- Seirbhísí in ospidéal do leanáí ar a bhfuil easláine faoi leith go fadtéarmach;
- Drugaí agus leigheas dóibh siúd ar a bhfuil éagumas áirithe;
- Seirbhísí in ospidéal, fáithmheas, agus cosaint ar ghalair thógálacha.

Teidliocht i leith cóir leighis de réir catagóra

Tá cur síos sa tábla seo a léiríonn intofacht maidir le seirbhísí sláinte.

| Intofacht iomlán (sealbhóirí cárta leighis) | Intofacht theoranta (le cárta cuairteanna dochtúir teaghlaigh) | Intofacht theoranta |
|--|---|---|
| <ul style="list-style-type: none">→ Cúram ospidéil agus ón dochtúir teaghlaigh, saor in aisce→ Cúram saor in aisce ar fhiacra, súile agus cluasa→ Seirbhísí máithreachais→ Drugaí agus fearais faoi Sheirbhísí Ginearálta Leighis | <ul style="list-style-type: none">→ Cuairt an dochtúra saor in aisce→ Na seirbhísí ospidéil go léir (ach faoi réir táillí)→ Seirbhísí mháithreachais→ Aisíoc nó íocaíocht i leith costais leighis faoin Scéim Íoctha Drugaí agus faoin Scéim Easláine Fadtéarmaí | <ul style="list-style-type: none">→ Na seirbhísí ospidéil go léir (ach faoi réir táillí)→ Seirbhísí máithreachais→ Aisíoc nó íocaíocht i leith costais leighis faoin Scéim Íoctha Drugaí agus faoin Scéim Easláine Fadtéarmaí |

Tá tuilleadh eolais faoi sheirbhísí sláinte in Éirinn le fáil in oifig áitiúil FSS (Féach ar Aguisín 3). Tá an t-eolas ar fáil chomh maith ag www.citizensinformation.ie agus ag www.hse.ie.



CAIBIDIL 3

**Gnáthphrionsabail
Rialacháin an AE
agus Comhaontuithe
Leasa Shóisialaigh eile**

Rialacháin an AE

Is iad Rialacha an AE maidir le leas sóisialach ná (CEE) Uimh. 1408/71, 574/72 agus 859/2003.

Cosnaíonn na Rialacháin seo cearta daoine chun taisteal laistigh den AE nó maidir lena leas sóisialach i Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa. Réitíonn siad fadhbanna a d'fhéadfadh eascairt agus daoine ag taisteal go Ballstát ag obair nó do chónaí. Samplaí anseo:

- Cé a íocann an bille ospidéil as timpiste nó tinneas le linn cuairt thar lear?
- Cén tír atá freagrach as sochair teaghlaigh?
- Conas a áirítear pinsean an duine a chaith go leor blianta i dtír eile?
- Cén tír a íocann sochar dífhostaíochta le hoibrithe ar an teorainn?

Cé a chlúdaítear sna Rialacháin?

Faoi láthair, ní bhaineann Rialacháin an AE maidir le leas sóisialach ach le daoine atá ag taisteal nó ag fanacht san AE nó laistigh den LEE:

- daoinefostaithe nó féinfhostaithe ar a bhfuil nó ar a raibh árachas faoi dhlí tíre nó tíortha gur Ballstáit iad san AE nó sa LEE;
- daoine gan stát, nó teifigh;
- stát-sheirbhísigh;
- mic léinn;
- pinsinéirí;
- saoránaigh tríú tír, .i. ar náisiúnaigh iad de stáit nach baill den AE ná den LEE² iad; agus
- muintir agus marthanóirí na ndaoine thuas, is cuma faoina náisiúnacht.



2 Tá tuilleadh faoin ábhar sa chaibidil seo, sa chuid darb ainm 'Saoránaigh an tríú tír'.

Céard iad na tíortha inar féidir brath ar na Rialacha seo?

Féadtar brath ar Rialacháin leasa shóisialaigh an AE sna Ballstáit go léir san AE nó sa LEE.

Seo liosta na mBallstát san AE:

| | | | | | |
|---|-------------------|---|--------------|---|---------------------|
|  | An Ostair |  | An Ghearmáin |  | An Ísiltír |
|  | An Bheilg |  | An Ghréig |  | An Pholainn |
|  | An Bhulgáir |  | An Ungáir |  | An Phortaingéil |
|  | An Chipir |  | Éire |  | An Rómáin |
|  | Poblacht na Seice |  | An Iodáil |  | An tSlóivéin |
|  | An Danmhaig |  | An Laitvia |  | An tSlóvaic |
|  | An Eastóin |  | An Liotuáin |  | An Spáinn |
|  | An Fhionlainn |  | Lucsamburg |  | An tSualainn |
|  | An Fhrainc |  | Malta |  | An Ríocht Aontaithe |

Sa Limistéar Eacnamaíoch Eorpach, tá 27 Ballstát an AE maille leis an Iorua, an Íoslainn agus Lichtinstéin.

Nóta: Áit nach bhfuil a mhalairt soiléir ón gcomhthéacs, sa treoirleabhar seo, is í an chiall atá le “Tír” nó “Stát” nó “Ballstát” ná ceann díobh sin.

Céard iad na hábhair atá i gceist?

Baineann na Rialacháin ón AE maidir le leas sóisialach, le gach dlí náisiúnta faoi:

- tinneas agus máithreachas;
- timpistí oibre agus galair;
- sochair easláine;
- íocaíochtaí dífhostaíochta;
- íocaíochtaí teaghlaigh;
- pinsin seanaoise;
- sochair marthanóirí; agus
- deontais báis.

Rialacha maidir le feidhmiú dhlíthe na tíre cuí

Ba cheart go mbeadh a fhios agat cén Ballstát a mbaineann a dlíthe leasa shóisialaigh leat, sula nglacann tú le fostaíocht. Tá sé seo tábhachtach, ní hamháin i gcás ranníocaíochtaí árachais shóisialta a íoc, ach chun íocaíochtaí leasa shóisialaigh a fháil agus chun cáiliú do phinsin amach anseo.

Cinntíonn na rialacha nach mbeidh easpa dlí i gceist – má dhéantar taisteal trasteorann go minic – agus gan ach dlí amháin ann san am céanna. Níl dul thar na rialacha agus níl an ceart agat i leith dlí leasa shóisialaigh a roghnú.

Go hiondúil, níl árachas ach ó aon chóras amháin in aon Bhallstát **amháin** i bhfeidhm (pé acu fostaithe nó féinfhostaithe atá an duine). De ghnáth, sin an stát ina n-oibrítear, is cuma cá háit ina gcónaítear nó cá háit a bhfuil gnó an fhostóra. Tá eisceachtaí áirithe a bhaineann leis an riail seo, áfach. (Féach ar na catagóirí speisialta thíos).

Mura mbíonn áit chónaithe ag an duine i mBallstát ar bith ina bhfuil a chuid oibre, is é an Ballstát ina bhfuil an fostóir atá freagrach as córas leasa shóisialaigh. Ach i gcás go bhfuil oibrí ann atá fostaithe i mBallstát amháin agus atá féinfhostaithe ag an am céanna i mBallstát eile, d'fhéadfadh sé/sí a bheith faoi árachas sa dá Stát, i gcásanna eisceachtúla.

Catagóirí speisialta oibrithe

1 Oibrithe sannta

Uaireanta, d'fhéadfadh comhlacht lena n-oibrítear, fostaí a chur ag obair go tír eile ar feadh scaithimh. Postáil sa chás sin. Más ar feadh níos lú ná 12 mí an phostáil, agus nach in áit fostaí eile a bhfuil a thréimhse postála críochnaithe atá tú, is é córas leasa shóisialaigh na tíre a sheol ansin tú a bheas ann, fiú nuair atá an phostáil sa dara tír.

Roimh dhul don tír ina bhfuil an phostáil, ba chóir Foirm E101 a chomhlánú, rud a chinnteoidh go bhfuil córas dlí na tíre a sheol i bhfeidhm. Féadann an fostóir nó an fostaí an fhoirm a fháil ó institiúid sa tír a chlúdóidh a córas leasa shóisialaigh, fad a leanann an phostáil ar aghaidh.



D'fhéadfadh an fhostaíocht thar lear leanúint ar aghaidh níos faide ná 12 mí de bharr cúinsí gan choinne agus sa chás sin is féidir cur isteach ar 12 mí eile postála. Má thoilítear don síneadh ama, caithfear Foirm E102 a fháil.

Baineann na Rialacha maidir le postáil le fostaithe agus le daoine féinfhostaithe araon atá ag obair go sealadach sa dara tír.

Tá tuilleadh eolais le treoir phraiticiúil faoi phostáil ar Shuíomh Gréasáin Choimisiún na hEorpa:

http://europa.eu.int/comm/employment_social/social_security_schemes/docs_en.htm.



2 Oibrithe Mara

Má tá oibrí mara ar bord loinge faoi bhratach Ballstáit, tá árachas an stáit sin i bhfeidhm, fiú má tá cónaí air/uirthi i dtír eile. Eisceacht ná más ar bord loinge atá an obair agus íocaíocht ag teacht ó chomhlacht le hoifig chláráithe sa tír ina gcónaítear. Thairis sin, má tá an obair i gcalafort, tá clúdach árachais bailí sa tír ina bhfuil sé.

3 Oibrithe san iompar idirnáisiúnta

Má tá fostaí ag obair le comhlacht seirbhísí iompair idirnáisiúnta – traein, bóthar, spéir nó bealach uisce intíre, is bailí árachas na tíre ina bhfuil an comhlacht lonnaithe. Eisceacht ná fostaíocht i bhfo-oifig nó gníomhaireacht an chomhlachta i mBallstát eile, nó gnáthfhostaíocht sa Bhallstát ina gcónaítear.

4 Státsheirbhísigh

Tá árachas an Stáit atá mar fhostóir, bailí ag státsheirbhísigh.

5 Daoine fostaithe sna fórsaí armtha

Má thugann duine seirbhís san arm nó sa tseirbhís shibhialta, is é córas leasa shóisialaigh na tíre ar léi na fórsaí sin atá i gceist.

6 Fostaithe ar mhisean taidhleoireachta nó i bpostanna consalacha

An ghnáthriail a bhíonn ann, ná go mbeidh tú faoi árachas sa Stát ina bhfuil an misiún taidhleoireachta nó an post consalachta lonnaithe. Ach más náisiúnach thú den Stát sallchuir, is féidir leat rogha a dhéanamh a bheith faoi árachas ansin.

7 Oibrithe thar teorainn

Is oibrí thar teorainn é fostaí nó duine féinfhostaithe:

Ag obair i mBallstát eile seachas mar a bhfuil cónaí air/uirthi; agus ag filleadh ar an Stát cónaithe uair sa tseachtain ar a laghad.

Cosnaíonn Rialacha an AE cearta leasa shóisialaigh an oibrí ar an teorainn ar an dul céanna leis na catagóirí eile lena mbaineann na rialacha.

Mar shampla:

- tá árachas ann sa tír ina n-oibrítear;
- tá sochar teaghlaigh an Stáit ina n-oibrítear, le fáil don teaghlach atá ina gcónaí in aon Bhallstát eile;
- iocfar pinsean faoi seach ó gach tír ina raibh árachas le bliain ar a laghad.

Tá roinnt rialacha speisialta, áfach, maidir le híocaíochtaí breoiteachta agus dífhostaíochta.



Saoránaigh an tríú tír

Tá rialacha leasa shóisialaigh an AE arna leathnú³ chuig saoránaigh tríú tír nach bhfuil na Rialacha bailí dóibh ar bhonn náisiúnachta amháin – agus dá dteaghlach agus do mharanthóirí.

D'fhonn go bhfeidhmeoidh na Rialacha, **caithfidh** an duine:

- a bheith ina chónaí go dleathach sa Bhallstát atá i gceist, agus
- má bhí cónaí air/uirthi nó obair déanta aige/aici in **dhá Bhallstát ar a laghad**.

Is éard is cónaí dleathach ann ná cónaí de réir dhlíthe náisiúnta an Bhallstáit úd.

Níl ceart iontrála, fanachta ná cónaithe i mBallstát ná ceart glactha le hobair i gceist leis na rialacha leathnaithe agus ní bhaineann siad leis an **Danmhairg, an Iorua, an Íoslainn, Lichtinstéin ná leis an Eilvéis**.

Comhaontú an AE leis an Eilvéis

Níl an Eilvéis ina Ball san AE ná sa LEE, ach tá Conradh i bhfeidhm ó 1 Meitheamh 2002, a chiallaíonn go bhfuil Rialacha an AE faoi leas sóisialach bailí don chuid is mó san Eilvéis fosta.

Baineann na Rialacha le tíortha an AE agus lena saoránaigh, le daoine gan stát, le teifigh (Coinbhinsiún na Ginéive) agus le saoránaigh na hEilvéise. Níl an Comhaontú i bhfeidhm san Iorua, san Íoslainn ná i Lichtinstéin.

Tá gá le ceadúnas cónaithe chun gur féidir obair a dhéanamh san Eilvéis, agus faoi Chomhaontú an AE/na hEilvéise, tá ceart ag an Eilvéis uasmhéid a chur ar cheadúnais chónaithe. Baineann an Comhaontú le fostaithe ag a bhfuil ceadúnas cónaithe bailí ar feadh bliana nó níos mó. Tá rialacha eile dóibh siúd ag a bhfuil ceadúnas bailí ar feadh níos lú ná bliain.

3 Rialachán na Comhairle (CE) 859/2003, a tháinig i bhfeidhm ar 1 Meitheamh 2003.



Comhaontuithe Leasa Shóisialaigh le Tíortha eile

Tá comhaontuithe speisialta leasa shóisialaigh ag Éirinn leis na tíortha seo:

- An Ostair (Rialacháin an AE tar éis dul ina n-ionad don mhórchuid);
- Ceanada;
- An Astráil;
- Stáit Aontaithe Mheiriceá;
- An Nua-Shéalainn;
- Québec;
- An Eilvéis (Rialacháin an AE tar éis dul ina n-ionad don mhórchuid).

Cosnaítear cearta pinsin na ndaoine a oibríonn in Éirinn agus i gceachtar de na tíortha sin. Cuirtear san áireamh ag na húdaráis tréimhsí árachais in Éirinn agus nuair a ligtear é, tréimhsí cónaithe agus árachais shóisialta sa dara tír, le socrú an bhfuil an duine i dteideal pinsin.

Tá comhaontú freisin ag Éirinn leis an Ríocht Aontaithe. Tugann an comhaontú seo cosaint leasa shóisialaigh d'oibrithe agus dá mhuintir atá ag bogadh idir Éirinn, Oileán Mhanann agus Oileáin Mhuir nloch⁴. Ní hamháin cosaint pinsin atá ann, ach cosnaítear fócaíochtaí gearrthéarmacha ar nós liúntas dífhostaíochta agus breoiteachta.

Má tá duine ag obair in Éirinn agus i gceann de na tíortha lena bhfuil comhaontú leasa shóisialaigh ag Éirinn, d'fhéadfadh sochar airgid a bheith i gceist.

4 Is iad na hoileáin atá san áireamh sa Chomhaontú ná: Geirsí, Geansaí, Alderney, Herm agus Jethou.





CAIBIDIL 4

**Sochair Tinnis agus
Mháithreachais**

Faoi rialacha an AE, tá dhá chatagóir de shochair tinnis agus máithreachais ann:

→ sochair airgid agus sochair chomhchineáil.

Sochair airgid

Is in áit ioncaim atá curtha ar cheal de bharr tinnis, atá an sochar. Go hiondúil, íoctar an sochar seo de réir dhlí an Stáit mar a bhfuil árachas ar dhuine, is cuma cén Stát ina bhfuil cónaí nó fanacht.

Sochair chomhchineáil

Go hiondúil, séard atá sa sochar seo ná cúram leighis agus cúram na bhfiacra, leigheasra agus cúram leighis in ospidéal agus íocaíochtaí astu.

De ghnáth, cuirtear sochair chomhchineáil ar fáil de réir dhlí an Stáit ina bhfuil cónaí nó fanacht, amhail is go bhfuil an t-árachas sa Stát sin.

Íocaíochtaí airgid as tinneas in Éirinn

Is iad seo a leanas na híocaíochtaí in Éirinn atá ina sochair breoiteachta agus máithreachais faoi rialacha an AE:

Íocaíochtaí ar bhonn Árachais Shóisialta

- Sochar Máithreachais;
- Sochar Sláinte agus Sábháilteachta;
- Sochar Uchtaíoch;
- Sochar Breoiteachta;
- Sochar Cúramóra;
- Sochar Cóireála.

Íocaíochtaí nach ar bhonn árachais shóisialta iad:

- Liúntas Cothabhála um Ghalair Thógálacha;
- Liúntas Leasa na nDall;
- Bónas Oilíúint Athshlánaithe.



Íocaíochtaí bunaithe ar Árachas Sóisialta

Sochar Máithreachais

Íoctar sochar máithreachais le fostaithe agus le daoine féinfhostaithe a chomhlíonann coinníollacha ÁSPC. Caithfidh fostaí a bheith in obair atá clúdaithe ag an Acht (1994) um Chosaint Máithreachais na bhFostaithe, go díreach roimh an gcéad lá den saoire mháithreachais. Más duine féinfhostaithe thú, is gá duit a bheith i bhféinfhostaíocht inárachais.

Ba cheart duit iarratas a chur isteach ar Shochar Máithreachais ar a laghad sé seachtaine (12 seachtain más féinfhostaithe atá tú), roimh an dáta ar a bhfuiltear ag súil le breith an linbh. Íoctar Sochar Máithreachais ar feadh 26 seachtain⁵ – 2 sheachtain roimh bhreith agus 4 seachtaine ina diaidh san áireamh (de réir rialacha na saoire mháithreachais). Is ionann an méid a íoctar agus 80% den tuilleamh sa bhliain chánach chúí agus é faoi réir íocaíocht sheachtainiúil sheasta íosta agus uasta. Deimhnítear an bhliain chánach chúí ar dháta tosaithe na saoire mháithreachais.

D'fhéadfadh seirbhísí cúram máithreachais a bheith le fáil ó FSS fosta.

Sochar Sláinte agus Sábháilteachta

Íoctar Sochar Sláinte agus Sábháilteachta le ban-fhostaithe a fuair saoire sláinte agus sábháilteachta ón bhfostóir, siocar is go bhfuil siad torach, gur rugadh leanbh le déanaí, nó go bhfuil leanbh ar chíoch acu agus nach féidir leo leanacht ag obair toisc baol a bheith ann maille le sláinte nó sábháilteacht.

Tugann fostóir saoire sláinte agus sábháilteachta don fhostaí nuair nach féidir príacal don tsláinte ná don tsábháilteacht a shárú agus í ag iompar clainne nó leanbh ar chíoch aici, agus nach bhfuil dualgais eile gan phriacal le dáileadh.

Caithfidh fostóir íoc as an gcéad 21 lá saoire sláinte agus sábháilteachta. Ansin gheobhfar Sochar Sláinte agus Sábháilteachta ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Íoctar an sochar gach seachtain i gcuntas bainc nó le seic sa phost. Íocaíocht an fhostaí atá ann, maille le méideanna breise do dhuine fáta cáilithe agus do leanaí cáilithe. (Féach ar Chaibidil 12).

5 22 seachtain, nuair a thosaíonn saoire mháithreachais roimh 1 Márta 2007.



Sochar Uchtaíoch

Íoctar Sochar Uchtaíoch le tuiste as leanbh a uchtaíl. Tá Sochar Uchtaíoch ag fostaí nó duine féinfhostaithe ar choinníollacha ranníocaíochta ÁSPC a chomhlíonadh.

Caithfidh fostaíocht inárachais a bheith clúdaithe ag an Acht um Saoire Uchtaíoch (1995), más fostaí thú.

Ba cheart duit Sochar Uchtaíoch a lorg 5 seachtaine sula rachfá ar Saoire Uchtaíoch. Is féidir leat Sochar Uchtaíoch a fháil ar feadh tréimhse leanúnach de 24 seachtain⁶ ón dáta ar a gcuirtear an leanbh leat. Íoctar an sochar gach seachtain i gcuntas bainc nó le seic sa phost. Is ionann an méid agus 80% den ioncam sa bhliain chánach chúí; tá uasmhéid agus íosmhéid i gceist.

Sochar Breoiteachta

Íoctar Sochar Breoiteachta gach seachtain le daoine faoi árachas, i dtréimhsí nuair nach féidir leo obair a dhéanamh de bharr éagumais (de bharr tinnis nó timpiste go hiondúil). D'fhéadfaí Sochar Díobhála a íoc ina áit, as timpiste cheirde nó as galar.

Seachas neamhábaltacht oibre tá roinnt coinníollacha ranníocaíochta ÁSPC le comhlíonadh.

Ní íoctar Sochar Breoiteachta as an gcéad trí lá easláine, ar a dtugtar "tréimhse feithimh". Íoctar Sochar Breoiteachta fad is a leanann éagumas oibre ar aghaidh, agus nó go dtí aois an phinsin (66 bl.), ach 260 ranníocaíocht a bheith déanta cheana. Má tá níos lú ná sin ann, stophtar an Sochar tar éis 52 seachtain éagumais.

Ba cheart Sochar Breoiteachta a lorg laistigh de 7 lá den neamhábaltacht. Caithfear "teastas neamhábaltacht oibre" ón dochtúir a sheoladh chun na Roinne. Is gnách teastas in aghaidh na seachtaine a lorg.

Íoctar Sochar Breoiteachta, maille le méideanna breise do dhuine fásta cáilithe agus do leanaí cáilithe (Féach ar Chaibidil 12), le seic sa phost gach seachtain, nó díreach isteach i do chuntas bainc.



Sochar Cúramóra

Íoctar Sochar Cúramóra leo siúd a éiríonn as obair chun cúram a thabhairt do dhaoine eile a bhfuil cúram lánaimseartha agus aire de dhíth orthu. Íocaíocht phearsanta maraon le breis airgid do leanaí cáilithe atá ann. Íoctar ar feadh 2 bhliain é. Is féidir é a iarradh ar feadh 65 seachtain nó as tréimhsí arb ionann iad agus 65 seachtain. Má tá níos mó ná duine amháin faoi chúram, d'fhéadfaí 50% sa bhreis a íoc. Íoctar Sochar Cúramóra go seachtainiúil díreach isteach i do Chuntas Bainc.

Beidh tú cáilithe san aon chás amháin go bhfuil tú féin, an cúramóir, **agus** an duine a bhfuil tú ag tabhairt aire dó/di, ag comhlíonadh coinníollacha áirithe. Seo an liosta.

Caithfidh an cúramóir a bheith:

- in aois 16 nó níos mó;
- fostaithe le 8 seachtaine as an 26 seachtain roimh ré;
- coinníollacha rannaíochta ÁSPC a chomhlíonadh;
- éirí as obair (16 uair sa tseachtain ar a laghad nó 32 sa choicís) le cúram lánaimseartha a thabhairt;
- gan obair lasmuigh den teach, fostaithe nó féinfhostaithe, ar feadh níos mó ná 15 uair sa tseachtain;
- gan chónaí in ospidéal, teach altranais ná institiúid dá sórt.

Caithfidh duine/daoine faoi chúram a bheith:

- in éagumas chomh mór sin go bhfuil cúram agus aire lánaimseartha de dhíth orthu (is gá teastas dochtúra); agus
- gan chónaí de ghnáth in ospidéal, teach altranais, ná in institiúid dá sórt.

Ar fhágáil na hoibre le haire a thabhairt do dhuine ar a bhfuil cúram agus aire lánaimseartha de dhíth, is féidir saoire shealadach neamhíochta a ghlacadh ón bhfostaíocht, .i. saoire cúramóra. Má tá eolas uait faoi seo, téigh i dteagmháil leis an **Aonad Eolais um Chearta Fostaíochta** sa Roinn Fiontair, Tráchtála agus Fostaíochta ar (01) 631 3131, nó más lasmuigh de limistéar 01 atá tú, ar íosghlao 1890 201 615.

Is féidir níos mó eolais a fháil faoin dlí maidir le saoire cúramóra ar shuíomh gréasáin na Roinne Fiontair, Trádála agus Fostaíochta ag **www.entemp.ie**, nó tríd an ríomhphost ag **erinfo@entemp.ie**.



Sochar Cóireála

Tá dhá chuid sa Sochar Cóireála – sochair airgid agus sochair chomhchineáil, agus braitheann an sórt sochair ar pé tír a íocann é dá bharr.

An Roinn Gnóthaí Sosialacha agus Teaghlaigh a thugann sochair do chúram na bhfiacra, na súl agus na gcluas faoi Scéim an tSochair Cóireála

Tá na sochair le fáil ag sealbhóirí Cárta Leighis, daoine os cionn 70 san áireamh, ó FSS.

Tá cóir leighis na bhfiacra, na súl agus na gcluas a mheastar a bheith riachtanach de bharr scrúdú dochtúra, le fáil ag leanaí réamhscoile agus ag daltaí bunskoile. Tá cóir leighis na bhfiacra le fáil ag leanaí faoi 16, a bhí sa bhunscoil tráth.

Trí Scéim an tSochair Cóireála, féadtar cuidiú a fháil le costas na gcóireanna leighis seo a íoc:

- cóireáil dhéadach, le scrúdú agus diagnóis dhéadach, scamhadh agus snasú, dian-chóireáil drandail, líonadh, stoitheadh, cíor fiacra agus teiripe cuas fréimhe san áireamh;
- leigheas na súl, tástáil na súl, spéaclaí, lionsaí, athsholáthar lionsaí do sheanfhrámaí;
- gléasanna éisteachta - suas le leathchostas gléas éisteachta nó deisiú gléas éisteachta, suas le ranníocaíocht sheasta uasta; agus
- lionsaí greamaithe – méid socraithe nó leathchostas nuair atá gá leis ar bhonn leighis.

Chun na sochair a fháil, duit féin nó do chéile, tá coiníollacha ÁSPC le comhlíonadh. Níl ann ach cabhair le costais cóir leighis. Caithfear an fuíollach a íoc as cóir agus as treallamh.

Má chomhlíontar coiníollacha ÁSPC in aois 60 nó 66, cáilítear an duine ar feadh an tsaoil.



Féadfar iad seo a fháil:

- Sochar Déadach do chóireáil dhéadach a rinneadh i mBallstát eile san AE/LEE;
- Sochar na Súl as scrúdú na súl, spéaclaí agus lionsaí a ceannaíodh i mBallstát eile;
- Sochar le haghaidh gléas(anna) éisteachta a fuarthas i mBallstát eile den AE/LEE.

Sampla 1

Tá tú ag obair in Éirinn agus cinneann tú ar dhul go Poblacht na Seice le haghaidh cóireáil dhéadach. Ba cheart duit an fiacloir i bPoblacht na Seice a íoc le haghaidh na seirbhísí nó na bhfearas go léir a fuair tú agus d'iarratas, ar gá don chleachtóir i bPoblacht na Seice é a líonadh isteach chomh maith, a chur go dtí an seoladh thíos.

Ós rud é gur íoc tú as na seirbhísí agus/nó na fearais cheana, íocfaidh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh an leas leatsa, in áit an fhiaclóra. Más rud é nach bhfuil go leor ranníocaíochtaí ÁSPC agat ar do thaifead Éireannach leis féin le cáiliú, is féidir leat an taifead árachais a chríochnaigh tú in aon Bhallstát eile, a chur leis le cáiliú.

Sampla 2

Tá tú ag obair in Éirinn le roinnt míonna anuas. Roimhe sin bhí tú ag obair san Ostair le blianta fada. Ar chuairt ar an Ostair, déantar scrúdú súl ort, a bhfuil sé mar thoradh air gur gá duit spéaclaí nó lionsaí tadhail a fháil.

Ba cheart duit dochtúir na súl (nó duine gairmiúil eile) a íoc as na seirbhísí nó na fearais a fuair tú agus cuir d'iarratas, agus é comhlánaithe ag an dochtúir thall, chuig an seoladh thíos.

Íocadh cheana as an tástáil, as spéaclaí nó lionsaí, mar sin aisíocfaidh an Roinn an t-othar agus ní an dochtúir. Más rud é nach bhfuil go leor ranníocaíochtaí ÁSPC agat ar do thaifead Éireannach leis féin le cáiliú, is féidir leat an taifead árachais atá agat san Ostair nó in aon Bhallstát eile, a chur leis le cáiliú.



Ba chóir an Rannóg seo a chur ar an eolas roimh thaisteal agus foirm agus sonraí íocaíochta a fháil:

Rannóg an tSochair Cóireála

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
Bóthar Naomh Oilibhéar Pluincéid
Leitir Ceanainn
Co. Dhún na nGall
Íosghlao 1890 400 400.

Íocaíochtaí nach bhfuil ar bhonn Árachais Shóisialta

Liúntas Cothabhála um Ghalair Thógálacha

Íocaíocht is ea an Liúntas seo le haghaidh daoine os cionn 16, atá ag fáil cóireála ar eitinn nó ar ghalair thógálacha áirithe eile.

Íocann FSS an liúntas ar bhonn tástáil acmhainne.

Liúntas Leasa na nDall

Íoctar an Liúntas seo leo siúd atá dall agus atá ag fáil Phinsean na nDall nó Liúntas Míchumais.

Íocann FSS an liúntas ar bhonn tástála acmhainne.

Bónas Oiliúint Athshlánaithe

Íoctar an Bónas le daoine ag freastal ar Chlár Oiliúint Athshlánaithe atá molta ag an Roinn Sláinte agus Leanaí.

FSS a íocann agus níl tástáil acmhainne ann.

Cén tír a íocann sochair airgid?

Go hiondúil, tá ceart ag duine sochar airgid as tinneas nó máithreachas a fháil ón tír ina bhfuil árachas aige, ar dhul le dlíthe na tíre sin maidir le sochair.



Ag obair in Éirinn agus ag íoc as ÁSPC, tá íocaíochtaí bunaithe ar árachas sóisialta na hÉireann le fáil. Mura bhfuil go leor íoctha as ÁSPC in Éirinn agus go rabhthas ag obair i mBallstát eile roimh theacht go hÉirinn, d'fhéadfaí an dá árachas a chur san áireamh.

Le haon iarratas ar na sochair seo, ba chóir sonraí a lua maidir le hobair thar lear. Lorgóidh an Roinn an t-eolas cuí ó na tíortha sin.

Má bhí an post deireanach i mBallstát eile, agus cónaí anois in Éirinn gan obair, is í an tír dheireanach sin a íocfaidh na sochair. Seoltar iarratas ar na sochair seo chuig an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, agus socróidh an Roinn gach rud leis an tír chuí.

Má tá sochair airgid as tinneas nó máithreachas le híoc ag Éirinn agus duine ag dul a chónaí i mBallstát eile san AE/LEE, ba cheart cead chuige a lorg ón Roinn. D'fhéadfaí cead a dhiúltú san aon chás amháin go gcinntítear go mbeadh aimhleas sláinte dá bharr.

Sampla

Tá tú i do chónaí agus ag obair in Éirinn le dhá bhliain anuas, ach bíonn tú i do chónaí sa Ghearmáin de ghnáth. Tá Sochar Breoiteachta á fháil agat in Éirinn agus cinneann tú filleadh ar an nGearmáin. Íocfar Sochar Breoiteachta leat ó Éirinn go fóill, fad is a leanann teidlíocht ar aghaidh faoi dhlí na hÉireann.

Iarrtar eolas maidir leis seo ó FSS (Aguisín 3), maidir le híocaíochtaí nach ar bhonn árachais shóisialta iad.

Cóir leighis do chuartheoirí sealadacha ar Éirinn

Má tá cónaí sealadach in Éirinn agus árachas sláinte i mBallstát eile, gheobhfar pé cúram sláinte is gá saor in aisce, ach Carta Árachais Sláinte na hEorpa a thaispeáint, nó Teastas Sealadach Athsholáthraithe.

Is éard is “cúram leighis is gá” ann ná cúram a éascóidh fanacht sábháilte – fad tréimhse na saoire san áireamh – agus nach gá filleadh abhaile níos luaithe. Níl clúdach ann, más ar mhaithe le cóir leighis a lorg a bhí an chuairt shealadach ann.



Seirbhísí sláinte dóibh siúd atá ina gcónaí in Éirinn ach atá faoi árachas i mBallstát eile

Má tá cónaí in Éirinn ort faoi árachas shláinte ó Bhallstát eile, tá teideal do gach cóir sláinte saor in aisce, a dháiltear de réir dhlí na hÉireann agus bheadh cárta leighis le fáil ina fhianaise air sin. Is dócha gur mar sin a bheadh ach duine a bheith:

- fostaithe nó féinfhostaithe sa Bhallstát eile, ach i do chónaí in Éirinn;
- Pinsinéir ó Bhallstát eile ina chónaí in Éirinn, nach bhfuil ina p(h)insinéir Éireannach agus nach bhfuil fostaithe in Éirinn;
- cleithiúnach ar cheachtar acu.

